Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

18 Meán Fómhair 2023 Uimhir 5

Míle Buíochas!

Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a chuidigh linn arís an tseachtain seo caite. Tá na leabhair ar fad clúdaithe agus tá an troscáin ar fad cóimeáilte againn anois. Táimid thar a bheith buíoch asaibh ar fad.

Thank You!

A sincere thank you to everyone who helped us out again last week. All the books have now been covered and all the furniture has been assembled. We really appreciate all your help.

Ceachtanna Snámha - Rang 1 go Rang a 3:

D'éirigh go hiontach leis na ceachtanna snámha ar an Aoine. Bhí an ceacht gearr go leor de bharr go raibh na páistí ar fad curtha isteach i ngrupaí eagsúla i ndiaidh do na múinteoiri snámha féachaint orthu san uisce. Tosóidh na ceachtanna láithreach ar an Aoine bheag seo agus beidh i bhfad níos mó ama acu san uisce.

Bhailigh an scoil an €1 ó gach duine agus dáilfear amach arís iad an tseachtain seo do na taisceadáin. Ní bheidh deis ag na páistí cithfholcadán a ghlacadh i ndiaidh de bharr cursaí ama agus na ranganna eile a thagann isteach díreach inár ndiaidh.

Iarraimid ar aon duine le gruaig fhada a chinntiú go bhfuil sí tarraingte siar ar an Aoine roimh scoile chun cabhrú le cursaí ama ag an linn snámha.

Swimming Lessons:

The swimming lessons went really well on Friday. The lesson was quite short as the swimming teachers were placing the children into different groups after observing them in the water. The lessons will start immediately this Friday and the children will have a lot longer in the water.

The school collected the €1 from every child after the lessons and will redistribute them out again for the lockers this week. The children will not be showering afterwards due to the time constraints and the other classes that come in immediately after us.

We are asking anyone with long hair to tie it back before coming to school on Friday to help us save time at the pool.

Cúla4:

Tugadh cuireadh le déanaí do Ghaelscoil Ruairí páirt a ghlacadh i gcraoladh an stáisiún nua Ghaelach, "Cúla4". Iarradh orainn a bheith bainteach trí fhíseáin, grianghraif is araile do na páistí agus an lá scoile a thaifead agus a sheoladh ar aghaidh chucu. Ar bharr sin, ba bhreá leo labhairt leis na ranganna trí Zúm agus go mbeadh sliochtanna den mhéid sin á gcraoladh acu ar na sraitheanna éagsúla le teacht.

Iarraimid ar thuismitheoirí dul i dteagmháil linn mura dteastódh uathu go mbeadh a bpáiste mar chuid den fheachtas/thionscnamh seo.

Táimid ag súil go gcuirfeadh ár mbaint leis an stáisiún go mór le taithí na bpáistí agus iad ar scoil agus go gcuirfeadh ár rannpháirtíocht le spreagadh na nGaeilge sa cheantar i Maigh Nuad.

Cúla4:
Gaelscoil Ruairí recently received an invitation to become involved in the broadcasting of the new Irish language station for children, 'Cúla4'. We were asked to get involved by sharing some videos and photographs as well as by sending on a video of a day in our school. As well as this they would like to talk to some of our classes via Zoom. The intention would be that some of these images would be broadcast throughout the series.
We are asking parents to contact us if they do not give the school permission to include their children in this project.
We would hope that our involvement in this new Irish language station would benefit the children and encourage the use of the Irish language amongst the school community and in the wider vicinity.

Grainghrafadóir Scoile - County Photos:
Beidh an grianghrafadóir scoile anseo ar an Déardaoin beag seo. Tógfar grianghraf do na páistí, na siblíní agus do na ranganna. Cuirfear na profaí abhaile agus bíonn an rogha ag tuismitheoirí/caomhnóirí ansin ordú a chur isteach nó gan bacaint.
School Photographer - County Photos:
The school photographer will be here on Thursday. A photograph will be taken of all the children, the siblings and the classes. The proofs are sent home and parents then decide whether to place an order or not.

Naíonáin Bheaga - FSS - Vacsaíniú:
Tá pacáiste ag dul abhaile le gach páiste i naíonáin bheaga inniu. Iarrtar ar gach duine é a líonadh agus é a sheoladh ar ais ar scoil amárach.
Junior Infants - HSE - Vaccinations:
There is a pack going home with each child in junior infants today. Please fill out these forms today and return them to the school tomorrow.

Athbhreithniú: Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca:
Tá ár bpolasaí ar fáil ar ár suíomh greasáin agus tríd an nasc thíos.
Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca
Tá an Bord Bainistiochta ag déanamh athbhreithniú ar an bpolasaí seo faoi láthair agus cuirtear failte roimh thuismitheoirí/chaomhnóiri scoile aiseolas a bhaineann leis an bpolasai seo a chur chuig priomhoide@gaelscoilruairi.ie roimh an Luan seo chugainn, an 25 lá de mhí Mheán Fómhair.
Mar chuid den athbhreithniú seo, beidh na múinteoirí ag labhairt leis na páistí sna ranganna ar fad chomh maith agus cuirfear ceistneoir ar na páisí ó R1 ar aghaidh.
Review: Child Protection Statement and Risk Assessment:
Our policy is available on the school's website and through the link below.
Child Safeguarding Statement and Risk Assessment
The Board of Management is currently reviewing this policy and parents/guardians are welcome to send any feedback in relation to our policy to us at priomhoide@gaelscoilruairi.ie by Monday 25th September.
As part of this review, the teachers will be talking to the children in all classes and the children from 1st class will be completing a questionnaire.

Cumann na dTuismitheoirí - Lotto:

Comhghairdeas le Fergal Corbett a bhuaigh €20 agus bosca seacláide ar an Aoine an 8 lá de mhí Mheán Fómhair agus do Eoin Casey a bhuaigh €20 agus bosca seaclaide ar an Aoine seo caite. Seasann an pota óir ar €375 anois. Go n-éirí le gach duine!

Tá ordú mór d'acmhainní mata curtha isteach againn do na ranganna ar fad agus íocadh as an ordú seo leis an airgead atá faighte ag an scoil tríd an lotto. Roinnfear grianghraif libh nuair a thagann sé. Tá gach duine a cheannaíonn ticéad lotto don scoil ag cuidiú go mór le páistí uilig na scoile. Lotto Gaelscoil Ruairí

Parents' Association - Lotto:

Congratulations to Fergal Corbett who won €20 and a box of chocolates on Friday the 8th of September and to Eoin Casey who won €20 and a box of chocolates last Friday. The jackpot now stands at €375. Best of luck to everyone!

The school has just placed a large order of maths resources for all the classes and paid for this from the money the school has received through the lotto. Photographs will be shared as soon as it arrives. Everyone who buys a school lotto ticket is helping all the children in the school. **Lotto Gaelscoil Ruairí**

Cruinnithe Ranga:

Táimid ag eagrú cruinnithe ranga arís i mbliana do thuismitheoirí/chaomhnóirí na bpáistí. Iarraimid ar dhuine amháin teacht in aghaidh an pháiste chuig na cruinnithe seo chomh fada agus is féidir de bharr cursaí spáis. Tugann sé deis do thuismitheoirí bualadh le múinteoir ranga a bpáiste agus tugann sé deis do na múinteoirí dul trí phlean na bliana. Cruinnithe 30 nóiméad a bheidh ann.
Seo a leanas na dátaí;

Dé Luain 25 Meán Fómhair - Rang na Coille (Múinteoir Eimear) - 7i.n.
Rang a 3 (Múinteoir Cáit) - 7.45i.n.

Dé Máirt 26 Meán Fómhair - Naíonáin Bheaga (Clíona) - 7i.n.
Rang a 2 (Múinteoir Póla)- 7.45i.n.

Déardaoin 28 Meán Fómhair - Naíonáin Mhóra (Múinteoir Blathnaid) 7i.n.
Rang 1 (Múinteoir Colm) 7.45i.n.

Class Meetings:

We are organising class meetings again this year for the children's parents/guardians. We are asking for one person per child to attend where possible due to space constraints. These meetings give parents the opportunity to meet with their child's teacher and gives the teachers the opportunity to outline the year's plan. They will be 30 minute meetings.

The following are the dates;

Monday 25th September - Rang na Coille (Múinteoir Eimear) - 7p.m.
- 3rd Class (Múnteoir Cáit) - 7.45p.m.

Tuesday 26th September - Naíonáin Bheaga (Múinteoir Clíona) - 7p.m.
- 2nd Class (Múinteoir Póla) - 7.45p.m.

Thursday 28th September - Senior Infants (Múinteoir Bláthnaid) - 7p.m.
- 1st Class (Múinteoir Colm) - 7.45p.m

Rang a 2:
Tá an-áthas orainn go bhfuil Múinteoir Caitlín Ní Loinsigh ar fáil chun rang a 2 a mhúineadh go dtí an briseadh lár-téarma. Tá seachtain amháin nach mbeidh sí ar fáil agus tógfaidh Múinteoir Póla an rang an tseachtain sin . Táimid ag súil go n-éireoidh linn múinteoir a earcú le tosú i ndiaidh an bhrisidh lár-téarma. Níl aon chinnteacht ann áfach de bharr an ghanntanais múinteoirí sa tír faoi láthair. Tabharfar nuashonrú daoibh roimh an mbriseadh.
2nd Class:
We are delighted that Múinteoir Caitlín Ní Loinsigh is available to teach 2nd class until the mid-term break. There is one week where she will not be available but Múinteoir Póla will teach the class that week. We hope to succeed in recruiting a teacher to start after the mid-term break. There is no certainty in this however due to the current lack of teachers in the country. We will give you a further update by the mid-term break.